C/2026/1797

17.3.2026

Fógra le haghaidh eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2014/145 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2026/1797)

Dírítear aird an Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad (Pravfond), eintiteas a áirítear ar an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([1]) arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1895 ón gComhairle ([2]), agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1894 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle chomh maith an t-eintiteas thuasluaite a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle ([5]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle ([6]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise.

Cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh sé an dréachtráiteas ar chúiseanna, **roimh an 27 Márta 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
([2]) IO L, 2025/1895, 12.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1895/oj.
([3]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
([4]) IO L, 2025/1894, 12.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1894/oj.
([5]) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
([6]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.